
# 16 Tá Rud Éigin Ansin




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Mínigh gur cnuasach atá sa leabhar seo agus nach bhfuil ainmneacha na ndaoine a scríobh nó a mhaisigh an leabhar ar an chlúdach. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Osclaígí ag clár an leabhair. Léigí na teidil uilig agus amharcaigí ar na pictiúrleideanna.

Iarr ar na páistí an chéad scéal/dán a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 2 - 3 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa dán seo?

Léigí an dán le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.


Pléigí an **rud éigin**. Cad é a shíleann na páistí atá ann?

Pléigí an frása **go slítheanta slí** agus go bhfuil an tús céanna leis an dá fhocal. Mínigh an chiall atá le **slítheanta**. Mínigh gur féidir focail a chumadh mar a rinneadh le slí. Cumaigí frásaí eile ar an dóigh chéanna, m.sh. go tromtaí trom, go bá-bá bán.

Pléigí na focail sa dán a dhéanann rím, m.sh. staighre/faire, slí/trí. Déan liosta d'fhocail eile a dhéanann rím leo, náire/Máire, brí/croí/faoi/cuí.

Déanaigí iarracht véarsa eile a chur leis an dán ag leanúint an phatrúin chéanna,
Síos, síos, síos,
An íosfaidh sé mé?
Rith leat anois,
Níl an t-am ann lena phlé!

# An tArracht Scáfar




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 4 - 5 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal, an chiall atá leis agus an chuma atá air.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí an focal **splanc**. Déanaigí liosta d'fhocail eile ina bhfuil na fuaimeanna nc, m.sh. **banc, an Fhrainc, Francach, trunc, planc, sonc**.

Liostaigh na rudaí/daoine uilig a scanraigh an tArracht Scáfar ar an bhealach chuig an teach solais. Cuir in abairtí/frásaí iad mar atá sa leabhar, m.sh. Scanraigh sé an tiománaí leoraí gur…

Iarr ar na páistí scéal eile a scríobh faoin Arracht Scáfar, go raibh ceol callánach ag cur isteach air nó babaí ag caoineadh. Iarr orthu an focal Scáfar a mhaisiú mar atá sa scéal seo.

Iarr ar na páistí treoracha a scríobh don Arracht Scáfar ón chnoc go dtí an teach solais.


Scríobhaigí litir ón Arracht Scáfar chuig muintir an tí sholais ag gearán faoin solas seo. Cé acu feargach nó múinte a bheidh an litir? Cad é an bealach is fearr le hiarraidh ar dhaoine cuidiú leat?

Pléigí tromaíocht agus an dóigh ar chuir an tArracht Scáfar isteach ar mhuintir an bhaile agus ar na hainmhithe. Sa deireadh bhí duine amháin cróga go leor lena dhiúltiú agus mar a tharla sé, bhí eagla an domhain ar an Arracht féin.

Aimsígí níos mó eolais ar thithe solais.

16

# An tArracht




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 22 - 23 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Déanaigí liosta de na rudaí dalba a dhéanann Arracht. Cuir leis an liosta. Luaigh na rudaí dalba a dhéanann tú féin, nó do dhearthái/dheirfiúr/chara srl.


Iarr ar na páistí tuairisc scoile Arrachta a dhéanamh. Iarr orthu an t-eolas a chur isteach faoi fhreastal s'aige, faoi obair scoile s'aige agus faoi iompar s'aige.

Pléigí rudaí a dhéanann daoine a bhfuil sé deacair acu éirí astu. m.sh. ingne a ithe, srón a phiocadh, luascadh ar chathaoir, srl.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh d'Arracht le bolgán cainte nó stiallchartún a dhéanamh de cheann de na rudaí dalba a rinne sé.

Amharcaigí ar na briathra ar lgh. 26 - 27 i gcomparáid leis na briathra céanna ar lch. 30. **Pléascaim, piocaim, fáiscim** agus **scanraím** i gcomparáid le **phléasc, phioc, bhrúigh**. Cuireann
na briathra ar lgh. 26 - 27 síos ar rudaí a tharlaíonn gach lá. Cuireann na briathra ar lch. 30 síos ar rud a tharla tamall ó shin. (Is focal é briathar a chuireann síos ar rud a dhéanann tú). Aimsígí samplaí eile agus déanaigí liosta.

# 16 Rud Gránna na gCos Gruagach




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 36 - 37 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí treoracha chuig an pholl a scríobh. Iarr orthu frásaí breise a chur isteach mar tiontaigh ar dheis, lean ort go dtí, tiontaigh ar chlé ag an …

Mínigh an focal **sean** agus nuair a chuirtear roimh fhocail é go ndéantar **chomhfhocal**, m.sh. **seanbhean, seanscioból, seanurlár, seanchóta**. Tugaigí faoi deara fosta go mbíonn seimhiú ar an dara cuid den fhocal más féidir.


Iarr ar na páistí léarscáil a dhéanamh don chailín agus na rudaí uilig ata luaite sa scéal a chur ar an léarscáil.

Iarr ar na páistí a scéal féin a scríobh faoi Rud Gránna na gCluas Gruagach agus an buachaill a chuaigh chuige. Iarr orthu patrún an scéil seo a leanúint sa cheann úr.

Pléigí na harrachtaí éagsúla atá sa leabhar seo, idir chuma, phearsantacht agus nósanna. Iarr ar na páistí arracht s'acu féin a chumadh, pictiúr a dhéanamh de agus pearsantacht a thabhairt dó.

16

# Ar Thóir na nDinesár




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar pháistí an píosa is fearr leo a roghnú agus a léamh amach.

Scríobh na focail mhóra, ainmneacha na ndineasár, ar leathanach/chlár mór. Bris síos ina shiollaí iad agus abair na focail, siolla ar shiolla, le cuidiú leis na páistí focail mhóra a láimhseáil.

Mínigh na focail **feoiliteoir** agus **luibhiteoir**. Mínigh an focal **iteoir** atá cosúil le **ith/ite**. Ansin mínigh na focail feoil agus luibh.

Iarr ar na páistí eolas ar bith a d’fhoghlaim siad ón leabhar a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí dineasár a roghnú ón leabhar. Iarr orthu pictiúr mór a dhéanamh den dineasár, lipéid a chur air agus sliocht a scríobh faoi. Iarr orthu focail mar **tréad, cnámh rufach, adharca, cosa deiridh, cosa tosaigh, spící**, a úsáid sa chur síos.

D’fhéadfá an rud céanna a dhéanamh le dineasáir eile agus eolas a fháil i leabhair eile nó ar ríomhaire.

# 16 Ar Thóir na nDragan




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Amharcaigí ar chlár agus ar innéacs an leabhair.

Iarr ar pháistí caibidil a roghnú ón chlár. Mínigh do na páistí nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh. Léigí an leabhar caibidil ar chaibidil go dtí go mbeidh an t-iomlán léite.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Cuirigí na pictiúir ag tús an leabhair i gcomparáid leis na pictiúir ag deireadh an leabhair. Cuir ceist ar na páistí cad chuige ar athraíodh stíl na bpictiúr sa leabhar.

Roghnaigh focail ón innéacs agus iarr ar na páistí iad a aimsiú sa leabhar.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de cheann de na dragain sa leabhar. Iarr orthu lipéid a chur air mar atá sa leabhar.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoi dhragan, scéal a léigh siad roimhe nó scéal s’acu féin a chumadh.

Iarr ar na páistí treoracha a scríobh do dhuine éigin a bhí ag dul a thabhairt aire do dhragan cosúil leis na treoracha a scríobh siad ar na luchóga.


Aimsígí níos mó eolais ar na dragain, i leabhair nó ar ríomhaire.

Iarr ar na páistí pictiúr nó colláis a dhéanamh de dhragan agus cur síos a scríobh faoi nó lipéid a chur leis.

D’fhéadfá taispeántas a dhéanamh ar na dragain, leabhar mór eolais a dhéanamh nó póstaer.

Aimsígí níos mó eolais ar na dragain Chomódó.

# 16 Luchóg Bheag Chróga




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Amharcaigí ar lch. 8. Pléigí na paragraif agus go bhfuil siad ann leis an téacs a bhriseadh síos. Déantar paragraf úr nuair atá ábhar eile le plé sa téacs. Amharcaigí ar úsáid pharagraf i leabhair eile.

Pléigí scéalta eile ina mbíonn an bua ag ainmhí beag/duine beag.

Iarr ar na páistí cuid den scéal a scríobh mar dhráma.

Iarr ar ghrúpa an scéal a léiriú mar dhráma ag tabhairt páiste do gach duine sa ghrúpa.

Iarr ar na páistí na fuaimfhocail ar lch. 6 a scríobh le litreacha móra agus a mhaisiú ar bhealach a mhíníonn an chiall atá leo.

Liostaigh na dóigheanna uilig a léirítear an fhuaim ú sa scéal seo, m.sh. **chuala, uafásach, úúú, orthu, ruaig, sioscadh, dreapadh, suas, sliabh, uaimh, nuair, bhúir, cosúil, chuaigh**. Iarr orthu iad a rangú agus patrúin ar bith a fheiceann siad a phlé.

¾

# 16 An Sciobaire Bróg




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí an focal **sciob**. Cad é a shíleann siad a chiallaíonn An Sciobaire Bróg?

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.


Iarr ar na páistí léarscáil nó pictiúr a dhéanamh den turas a rinne an Sciobaire agus na páistí. Iarr orthu gach áit a ndeachaigh an Sciobaire agus na páistí a chur sa phictiúr agus an fhuaim a rinneadh ansin a scríobh in aice leis.

Iarr ar na páistí tuairisc a scríobh do pháipéar nuachta áitiúil ag insint an scéil faoin rud a tharla ar scoil. Cumaigí ceannlíne snasta, cuir i gcuimhne do na páistí gur maith le páipéir nuachta an túslitir chéanna a úsáid i bhfocail. Sciobann Sciobaire Bróga Snasta sa Scoil! Bróga na bPáistí Bainte! Múinteoir Míshásta. Bróga i Mála!

# 16 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(An Sciobaire Bróg) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Iarr ar an pháiste teideal an leabhair agus na hainmneacha a léamh. Cuir ceist air/uirthi cén cineál scéil a shíleann sé/sí a bheidh ann. | An dtig leis an pháiste:<br>- an teideal a léamh ____<br>- ainm an údair a léamh? ____<br>- ainm an mhaisitheora a léamh? ____<br>- réamhaithris a dhéanamh? ____ | |
| Oscail an leabhair ag lgh. 2-3. Abair **"Cad chuige a bhfuil cuma mhíshásta ar na páistí? Cad é a tharlóidh sa scéal seo? Cad é an difear idir na focail *sciob* agus *Sciobaire*?** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é atá cearr leis na páistí? ____<br>- réamhaithris a dhéanamh? ____<br>- na focail *sciob* agus *Sciobaire* a aimsiú? ____<br>- an difear a mhíniú idir an deireadh agus an ceannlitir? ____ | |
| Oscail ag lch. 4. Abair, **"Léigh an lch. lena fháil amach cad é a scairt na páistí. Cad chuige a ndúirt an múinteoir *Ní thig linn dul sa tóir air*. Cad é a mhol na páistí?** | An dtig leis an pháiste:<br>- *Tabhair ar ais ár mbróga* a rá? ____<br>- caint an mhúinteora a aimsiú? ____<br>- moladh na bpáistí a aimsiú? ____ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **"tá cló trom ar na focail seo. Léigh na lgh. seo agus taispeáin dom na focail *splais* agus *trup*. Cad iad na fuaimeanna a chluineann tú ag tús agus ag deireadh na bhfocal seo? Taispeáin dom na litreacha a dhéanann na fuaimeanna seo?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- léamh go líofa, ag leanúint an téacs lena s(h)úile? ____<br>- athléamh nuair a chailltear ciall? ____<br>- na focail *splais* agus *trup* a thriail? ____<br>- téacs a léamh go beacht?<br>- poncaíocht a úsáid le cuidiú leis an léitheoireacht? ____ | |
| Oscail ag lgh. 8-9. Abair, **"Léifidh mise an lch. seo. Abair thusa na focail a fhágaim ar lár."** Déan *cloze* ó bhéal, fág amach na focail *múinteoir, páistí, tríd, agus*. | An dtig leis an pháiste na focail seo a léamh:<br>- *múinteoir*? ____<br>- *páistí*? ____<br>- *tríd*? ____<br>- *agus*? ____ | |
| Oscail ag lgh.10-11. Abair, **"Léigh an lch. seo go ciúin lena fháil amach cad é a rinne an Sciobaire Bróg.**" | An dtig leis an pháiste a insint cad é a rinne an Sciobaire Bróg? ____ | |
| Oscail ag lgh. 12-13. Abair, **"Cad é a rinne an múinteoir agus na páistí sa deireadh?**" Iarr ar an pháiste an chuid eile den leabhar a léamh go ciuin. | An dtig leis an pháiste:<br>- *Is maith linn cosa nochta a rá?* ____ | |

# 17 Mo Mhadadh




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Mínigh gur cnuasach atá sa leabhar seo agus nach bhfuil ainmhneacha na ndaoine a scríobh nó a mhaisigh an leabhar ar an chlúdach. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Osclaígí ag clár an leabhair. Léigí na teidil uilig agus amharcaigí ar na pictiúrleideanna.

Iarr ar na páistí an chéad scéal/dán a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 2 - 3 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa dán seo?

Mínigh foclóir an dáin trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an dán le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.


Pléigí na focail **lúfar, scáfar, gruagach**. Déanaigí liosta d'aidiachtaí eile a dhéanann cur síos ar mhadaí.

Scríobhaigí na focail a dhéanann rím sa dán agus cur leis an liosta.

Iarr ar na páistí dán nó alt gairid a scríobh faoi mhadadh s'acu féin nó faoi mhadadh a bhfuil aithne acu air. Iarr orthu na haidiachtaí a chuir sibh sa liosta a úsáid.

D'fhéadfá a iarraidh orthu é a mhaisiú cosúil leis an dán seo.

# 17 An Lá Contráilte




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 6 - 7 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.


Iarr ar na páistí clár ama na seachtaine a dhéanamh do Mharcas. Scríobh laethanta na seachtaine ar bharr an tábla agus an rud a tharla do Mharcas sa bhosca faoi.

Pléigí cineálacha báid. Mínigh gur bád farantóireachta atá sa bhád seo, rud a chiallaíonn go dtugann sé daoine/carranna ó áit go háit. Liostaigh cineálacha eile báid atá ar eolas ag na páistí, m.sh. long, long paisinéirí, bád seoil, luamh, galbhád, bád rámhaíochta.

Bhí Sorcha iontach buartha faoi Mharcas Dé Sathairn. Sular scairt sí ar an bhádóir rinne sí póstaeir le cur suas sa cheantar, ag smaoineamh go raibh Marcas caillte. Iarr ar na páistí an póstaer seo a dhéanamh, le pictiúr agus cur síos ar Mharcas chomh maith le seoladh, uimhir ghutháin agus duais don duine a thiocfadh air.

17

# Maróg Chliste




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 22 - 23 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Mínigh an focal Maróg agus de ghnáth gur Máróg na Nollag a bhíonn ann. Cad chuige a síleann siad gur tugadh maróg ar an mhadadh seo?


Tá an focal **d’amharc** ann ar lch.30. Aimsigí briathra eile a mbíonn d’ rompu san aimsir chaite, m.sh. d’oscail, d’ith, d’ól, d’ordaigh, d’fhan. Cuir in abairtí iad.

Léigí lch.34. Léigí an abairt **Is tú an madadh is cliste ar domhan**. Iarr ar na páistí abairtí eile a scríobh ag leanúint an phatrúin chéanna, m.sh. **Is tú an cailín is deise ar domhan, Is tú an múinteoir is fearr ar domhan, srl**.

Iarr ar na páistí an scéal seo a scríobh mar chartún. Iarr orthu bolgáin chainte a úsáid nó boscaí cainte thíos faoi na pictiúir.

Iarr ar na páistí scéal eile a scríobh faoi lá eile a chuaigh na carachtair chéanna chuig ollmhargadh, nó siopa eile. Iarr orthu patrúin an scéil seo a leansúint ach imeachtaí eile a chur isteach.

# 17 Madaí, cait agus Luchóga




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 36 - 37 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Mínigh gur scéal é seo a mhíníonn rudaí do dhaoine, cosúil le fabhalscéalta Aesóp agus scéalta eile a mbíonn teachtaireachtaí leo. Pléigí scéalta eile.

Pléigí teachtaireacht an scéil seo. An síleann na páistí gur scéal fíor atá ann nó scéal a mhíníonn biashlabhra.

Pléigí nó scríobhaigí biashlabhraí eile.

Pléigí cad é a shíleann sibh a bhí ar na páipéir seo. An eolas rúnda éigin a bhí ann nó an rud éigin iontach tábhachtach a bhí ann a bhain le madaí, nó b'fhéidir léarscáil d'áit inar chuir siad a gcnámha.

Iarr ar na páistí ceann de na páipéir seo a dhearadh, pictiúir/eolas/léarscáil nó cibé rud a shíleann siad atá ann.

Amharcaigí ar uimhreacha iolra/uatha sa scéal, madadh/madaí, cat/cait, luchóg/luchóga, páipéar/páipéir, nead/neadacha, cara/cairde. Déanaigí liostaí de na focail seo agus aimsígí focail eile atá san uimhir uatha/iolra le cur leis an liosta.

Iarr ar na páistí cartún a dhéanamh cosúil le Tom and Jerry, Itchy and Scratchy, ag léiriú an scéil seo faoi na madaí, na cait agus na luchóga.

# 17 Scoil na Madaí




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na grianghraif atá sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí cuma an leabhair. Tugaigí faoi deara go bhfuil cnámha ar gach leathanach.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí ainm an mhadaidh, Bóna, agus an chiall atá leis. Déanaigí liosta d'ainmneacha eile ar mhadaí.

Amharcaigí ar lch. 2. Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na horduithe a thugtar do Bhóna agus de na rudaí a dhéanann Bóna sa deireadh.


Amharcaigí ar an fhocal **suigh**. Is ordú é. Amharc ar orduithe eile a bhfuil an deireadh céanna leo, m.sh. **smaoinigh, fáiltigh, réitigh, luigh, cinntigh**, srl. Cuir **suigh**, an t-ordú, i gcomparáid le i mo shuí, nach ordú é. Déanaigí liosta d'orduithe eile. An bhfeiceann sibh patrún ar bith?

Iarr ar na páistí colláis a dhéanamh le pictiúir de mhadaí as irisleabhair.

Iarr ar na páistí níos mó eolais a chuardach ar mhadaí, madaí clúiteacha san am a chuaigh thart, madaí a d'fhoghlaim cleas, srl.

17

# Madaí




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Iarr ar na páistí labhairt faoi thréithe a bhaineann le leabhair neamhfhicsin.

Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Amharcaigí ar chlár agus ar innéacs an leabhair.

Iarr ar phaistí caibidil a roghnú ón chlár. Mínigh do na páistí nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh. Léigí an leabhar caibidil ar chaibidil go dtí go mbeidh an t-iomlán léite.

Roghnaigh focail ón innéacs agus iarr ar na páistí iad a aimsiú agus iad a phlé.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí na paragraif atá ar lgh. 8, 12, 14. Mínigh go bhfuil ábhar nua ag tosú agus go ndéantar paragraf nua leis sin a léiriú.

Iarr ar na páistí sliocht a scríobh ar rud ar bith a d’fhoghlaim siad ón leabhar seo.

Iarr ar na páistí tuilleadh eolais a fháil ar mhadaí, ar chineálacha madaí nó ar an chineál madaidh is fearr leo.

# 17 Áit don Ghaire




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí drámaí agus an dóigh le dráma a leagan amach. Amharcaigí ar ainmneacha na gcarachtar agus ar na pictiúirleideanna.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Is athinsint é an dráma seo ar scéal Uncail Remus. Pléigí an traidisiúin béil agus na scéalta eile a bhí ag Uncail Remus, Brer Rabbit srl. as deisceart na Stat Aontaithe.

Pléigí Coinín sa dráma. Imríonn Coinín cleas ar na hainmhithe eile.

Pléigí Madadh Rua ar lch. 16. Cad é mar a mhothaíonn sé?

Pléigí na bolgáin chainte sa dráma agus an úsáid atá leo. Léigí an chaint le chéile. Pléigí an dóigh a gcuidíonn an phoncaíocht.

Pléigí **callánach, níos callánaí, is callánaí** sa téacs. Déanaigí liosta d'fhocail eile, m.sh. **sean, níos sine, is sine/ ard, níos airde, is airde/íseal, níos ísle, is ísle**, srl.


Léigí an dráma mar dhráma ag tabhairt páirteanna do na páistí.

Iarr ar na páistí an dráma a scríobh mar scéal. Pléigí poncaíocht sa scéal agus an dóigh nach mbíonn sí de dhíth sa leagan atá scríofa mar dhráma.

Iarr ar na páistí stocaí nó miotóga a thabhairt isteach agus carachtair s'acu féin a dhéanamh le dráma/seó puipéad a dhéanamh.

Déanaigí cúlra den dráma le pictiúir mhóra mar atá sa leabhar seo.

## 17 An Troid ar an Chnoc




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí lgh. 10 go 13. Réitíodh na fadhbanna sa deireadh. Pléigí fadhb a bhí/atá agaibh sa rang/sa scoil. Ar fhoghlaim sibh rud ar bith ó na muca agus ó na gabhair.

Pléigí na focail anuas agus aníos ar lch. 14. Cuir i gcuimhne do na páistí an rann,
**Ag dul suas, thuas, ag teacht anuas,**
**Ag dul síos, thíos, ag teacht aníos**.

Iarr ar na páistí treoracha a scríobh don turas a rinne na muca nó na gabhair go barr an chnoic.

Iarr ar na páistí léarscáil a dhéanamh den turas a rinne na muca nó na gabhair ón teach go barr an chnoic.

Aimsígí an fhuaim **th** sa téacs. Déanaigí liosta d'fhocail a bhfuil an fhuaim **th** ag tús, lár nó deireadh an fhocail.

Pléigí an focal gabhar. Tugaigí faoi deara go bhfuil an fhuaim **o** leis an **a**. Aimsígí focail eile a dhéanann an fhuaim **o** ach nach an litir **o** a léiríonn an fhuaim. Níl mórán acu ann, leabhar, meabhair, gabh, abhainn, amhrán. Cad é a eile thugann tú faoi deara fúthu?


Iarr ar na páistí lgh. 10 go 16 a scríobh mar dhráma.

D'fhéadfaí ligean do na páistí an dráma a dhéanamh.

# Leathanach Measúnaithe

| Moltaí<br>(An Troid ar an Chnoc) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Pléigí an pictiúr ar chlúdach an leabhair. Iarr ar an pháiste an teideal a léamh. Léigí na hainmneacha le chéile. Abair **"Cén cineál scéil é seo? Cad chuige a síleann tú sin?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é a bheidh sa scéal? ____<br>- an teideal a léamh ____<br>- ainm an údair a léamh? ____<br>- ainm an mhaisitheora a léamh? ____ | |
| Oscail an leabhair ag lgh. 2-3. Abair **"Cad chuige a bhfuil Mamaí Gabhar agus Mamaí Muc ag déanamh ceapairí agus borgairí? Cad chuige a síleann tú sin?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- freagra a thabhairt? ____<br>- a mhíniú cad chuige? ____<br>- an focal *picnic* a thabhairt ____<br>- réamhaithris a thabhairt ón phictiúr? ____ | |
| Oscail ag lgh. 4-5. Cur ceist ar an pháiste cad é atá ag tarlú sa phictiúr agus cad é a tharlóidh ina dhiaidh seo? | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é atá ag tarlú sa phictiúr? ____<br>- réamhaithris a thabhairt ar an scéal? ____ | |
| Léigh lgh. 4-5. Abair, **"Cad iad na focail a chuireann síos ar na carraigeacha? Cad é eile a chonaic na muca ar an turas? Cad é a chonaic na gabhair? Cad é mar atá a fhios agat?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- *poill choiníní, carraig dhubh, bláthanna arda, bláthanna beaga* a úsáid sa fhreagra? ____<br>- iad a léiriú sa téacs? ____<br>- iad a léiriú sna pictiúir? ____ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **"Amharc ar na bolgáin chainte. Cad é atá á rá ag na gabhair agus ag na muca?"** | An dtig leis an pháiste na bolgáin chainte a léamh? ____ | |
| Oscail ag lch.8. Abair, **"Léifidh mise an lch. seo. Abair thusa na focail a fhágaim ar lár."** Déan *cloze* ó bhéal, fág amach na focail *gabhair, muca, troid, bharr*. | An dtig leis an pháiste na focail seo a léamh: ____<br>- *gabhair*? ____<br>- *muca*? ____<br>- *troid*? ____<br>- *bharr*? ____ | |
| Oscail ag lch. 12-13. Abair, **"Léigh an lch. seo go ciúin agus abair liom cad é a dúirt na gabhair agus na muca. Cad é mar atá a fhios agat go bhfuil siad ag caint? Aimsigh an focal *amaideach*. Aimsigh dhá fhocal bheaga istigh ann.** | An dtig leis an pháiste: ____<br>- caint na muc a léiriú? ____<br>- caint na ngabhar a léiriú? ____<br>- comharthaí cainte a leiriú? ____<br>- *amaideach* a aimsiú? ____<br>- *am* agus *ach* a aimsiú ann? ____ | |

# 18 Caisearbhán



Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Mínigh gur cnuasach atá sa leabhar seo agus nach bhfuil ainmneacha na ndaoine a scríobh nó a mhaisigh an leabhar ar an chlúdach. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Osclaígí ag clár an leabhair. Léigí na teidil uilig agus amharcaigí ar na pictiúrleideanna.

Iarr ar na páistí an dán, Caisearbhán, a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 2 - 3 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Nach iontach ainm an údair! Cad é a shíleann sibh a bheidh sa dán seo?

Léigí an dán le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách.

Pléigí foclóir an dáin, m.sh. **clogad**; an hata crua a chaitheann saighdiúirí nó an hata crua a chaitheann daoine ar rothar, **cosain**; déanann sé a chinntiú nach ndéantar dochar ar bith, **namhaid**; an taobh eile, na daoine/rudaí a mbíonn tú ag troid leo.

Cuirtear an caisearbhán i gcomparáid le saighdiúir. Pléigí na meafair sa dán, nó an dóigh a gcuirtear rudaí i gcomparáid le rudaí eile. Cuir ceist ar na páistí an síleann siad gur cur síos maith é seo.

Sa dán luaitear **clogad, gunna glas, ceann san aer, namhaid**. Cad iad na rudaí seo i bhfírinne?

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh den bhláth ag úsáid lipéad leis na rudaí thuasluaite a léiriú.

Liostaígí na focail a dhéanann rím, m.sh. **bhuí/tí, aer/féar**. Cuirigí leis an liosta.


Amharcaigí ar an phictiúr. Ní hionann an bláth atá i lámha an bhuachalla agus atá sa pháirc ar a chúl. Is caisearbháin iad beirt, ach cad é an difear? Pléigí saolré an chaisearbháin.

Pléigí na piseoga a bhaineann leis an chaisearbhán. Tugtar clog ar na síolta agus meastar an t-am den lá de réir an méid uaireanta a shéidtear na síolta. Tá piseog ann fosta go bhfliuchfaidh an té a phiocann caisearbháin an leaba.

Tá feidhmeanna leighis leis na caisearbháin. Is féidir an leacht sna gais a úsáid mar leigheas ar fhaithní. Itear duilleoga an chaisearbháin i salaid, creidtear go bhfuil siad maith don fhuil.

Is lustáin iad na caisearbháin. Pléigí an difear idir lustáin agus plandaí eile. Cad é a dhéantar leis na lustáin.

# 18 Féar Fada an tSea
bhóthair



Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 4 - 5 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí agus léigí an teideal. Cuir i gcuimhne do na páistí an dóigh leis an fhocal **sean** a úsáid, go ndéantar chomhfhocal leis. (Pléadh seo roimhe i gCéim 16).

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.


Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí póstaer a dhéanamh mar fhógra poist leis an fhéar a ghearradh ar an Seanbhóthar. Luaigh uaireanta oibre, tuarastal, taithí agus coinníollacha.

Pléigí an focal **sean** arís. Tabhair focail eile do na páistí le chomhfhocail a dhéanamh le **sean**, m.sh. **bean, fear, carr, leabhar, mála, múinteoir**, srl. Cuir i gcuimhne do na páistí go mbíonn séimhiú ar an dara cuid den fhocal.

Aimsígí na hainmfhocail san uimhir iolra sa scéal,
**an teach - na tithe**
**an páiste - na páistí**
**an tom - na toim**
**an tuismitheoir - na tuismitheoirí**
**an carr - na carranna**
**an tiománaí - na tiománaithe**
**an gabhar - na gabhair**
**an peata - na peataí**
**an mhuc ghuine - na muca guine**
Cuirigí leis na liostaí a rinneadh roimhe nó cuir tús le cairtbhalla ar bhealaí éagsúla leis an iolra a dhéanamh d'ainmfhocail.

# 18 Plandaí m'Aintín



Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 20 - 21 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal. Tugaigí faoi deara gur **mo Aintín** atá ann ach go scríobhtar **m'Aintín**. Aimsígí samplaí eile den ghiorrúchán seo, m.sh. **m'fhocal, d'Uncail, m'fhuinneog**, srl. Cuir focail ar chlár mór, m.sh. aintín, uncail, focal, úll, oráiste, foireann, srl. agus iarr ar na páistí iad a chur in abairtí le mo agus do.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí na rudaí atá de dhíth ar phlandaí le fás. An gcreideann sibh go gcaithfidh tú labhairt le plandaí go bhfásfaidh siad? Pléigí an difear idir ficsean agus neamhfhicsean. Is fíricí amháin a bhíonn sna leabhair ficsin.

Pléigí an difear idir an dá charachtar sa scéal, an Aintín agus an buachaill atá ag insint an scéil. Is duine réchúiseach í an Aintín ach éiríonn an buachaill iontach tógtha.

Liostaígí na hainmhithe ar fad a luaitear sa scéal agus na fuaimeanna a dhéanann siad agus an cur síos gairid a dhéantar orthu.

Osclaígí ag lch. 30. Mínigh an frása **tásc nó tuairisc**. Cuir i gcuimhne do na páistí go ndéantar tuairisc do pháipéir nuachta nó don teilifís. Ciallaíonn sé sa fhrása seo nach raibh an Aintín le feiceáil in áit ar bith.

Déanaigí liosta do na seirbhísí tarrthála agus an obair a dhéanann siad. Pléigí na cinn a úsáideadh sa scéal seo.

Pléigí an frása **ó dhubh go dubh** ar lch. 32. Ciallaíonn sé go raibh siad ag obair ó bhí sé dorcha ar maidin go dtí go raibh sé dorcha tráthnóna.

D'fhéadfaí raithneach nó pictiúr de raithneach a thaispeáint do na páistí. Déanaigí liosta d'ainmneacha eile a thugtar ar chineálacha éagsúla plandaí.

Pléigí an frása **go deo na ndeor** ar lch. 36. Ciallaíonn sé gach lá ó seo amach.

Iarr ar na páistí scéal eile a scríobh le deireadh a chur leis an scéal. Cad é a tharla don raithneach seo i ndiaidh tamaill?

# 18 An Madadh Rua agus na Fíonchaora



Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 42 - 43 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal. Tugaigí faoi deara gur scéal de chuid **Scéalta Aesóp** atá ann. Mínigh do na páistí cérbh é Aesóp. Mínigh go mbíonn teachtaireacht nó ceacht ina chuid scéalta.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí teachtaireacht an scéil seo. An gcreideann sibh gur shíl an madadh rua go raibh na fíonchaora searbh sa deireadh?

Pléigí ócáidí eile nuair a tharla rud mar seo. B’fhéidir sampla a tharla sa rang/scoil nó sampla atá ag na páistí de rud éigin a tharla sa bhaile.

Iarr ar na páistí scéal/cartún a dhéanamh faoi charachtar eile, ainmhí nó duine, ar tharla an cineál seo eachtra dó agus go mbíonn teachtaireacht na bhfíonchaor searbh leis sa deireadh.

Léigí agus pléigí scéalta eile de chuid Aesóp, Scéalta Aesóp, An Gúm.

Aimsígí níos mó eolais ar Aesóp, i leabhair nó ar an idirlíon, d’fhéadfaí a iarraidh ar na páistí na scéalta a bhailiú agus taispeántas/leabhar mór ranga a dhéanamh. Scríobhaigí an teachtaireacht i litreacha móra ag deireadh gach scéil mar atá déanta sa scéal seo.

# 18 Dialann Lus Gréine




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí an focal **dialann**. Mínigh do na páistí gur rud atá ann ina gcoinnítear taifead de rud a tharlaíonn thar thréimhse ama. Pléigí dialanna eile a choinníonn daoine. m.sh. logleabhar Captaein.

Is dialann é seo a coinníodh dhá sheachtain déag agus rinneadh nóta gach uair a tharla athrú éigin ar an lus gréine.

Amharcaigí ar lgh. 2-3. Iarr ar na páistí treoracha a scríobh ag úsáid pictiúr agus téacs céimnithe ar an dóigh le síolta a chur.

D'fhéadfaí ligean do na páistí a síolta féin a chur, más é an t-am ceart den bhliain é.

Amharcaigí ar an lus gréine ar lch. 5 atá mar fhéilire bliana. Mínigh do na páistí gur scríobhadh na leabhair seo sa Nua-Shéalainn agus go mbíonn samhradh sa Nua-Shéalann i Mí na Nollag, Eanáir agus Feabhra de thairbhe go bhfuil siad ar an taobh eile den domhan. Taispeáin an Nua-Shéalainn agus Éire do na páistí ar an chruinneog/ghlób agus mínigh na séasúir in áiteanna eile sa domhan.

Cleachtaigí na séasúir agus míonna na bliana -

30 lá a bhíonn in Aibreán,
Meán Fómhair, Meitheamh agus Mí na Samhna,
31 sna míonna eile,
Ach amháin an mhí sin Feabhra,
28 lá i mí Feabhra, 3 bliana as a chéile,
agus 29 lá an ceathrú bliain
bliain bhisigh ar an fhéilire.

D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí lus gréine na séasúr a dhéanamh ina leabhair nó ceann mór a dhéanamh don bhalla.

Amharcaigí ar lgh. 6-7. Pléigí na dóigheanna éagsúla le rudaí a thomhas. Bainigí triail as cuid de na dóigheanna seo le rudaí éagsúla sa seomra. Tá dóigheanna ann a fhóireann do rudaí éagsúla.

Pléigí lch. 8 agus an dóigh a n-ólann planda uisce. Cuir bláth gearrtha i bpróca d'uisce daite (úsáid dath bia). Feicfidh tú an t-uisce daite ag dul suas an gas agus trí chuislí na nduilleog.

D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí dialann a choinneáil de thuras an uisce dhaite.

Pléigí na treoracha ar lch. 10-11. Iarr ar na páistí cairt a dhéanamh de na treoracha T. O. D. I. Is iasc órga é an t-iasc seo, Tabhair Oráiste Don Iasc!

Amharcaigí ar lch. 13. Pléigí Vincent Van Gogh agus amharcaigí ar phictiúr s'aige de na lusanna gréine. D'fhéadfaí a iarraidh ar na páistí níos mó eolais a fháil air. (Camille agus na Lusanna Gréine, An tÁisaonad, a léamh).

Déanaigí cairt/stiallchartún/cur síos ar shaolré an lus gréine. Amharcaigí ar lch 24.

Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh d'úsáidí na síolta lus gréine.

D'fhéadfá síolta lus gréine a thabhairt do na páistí lena bhfás agus dialann agus graf a choinneáil den fhás.

# 18 Ollphlanda don Ollphanda




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainm an duine a scríobh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal agus **oll** atá in úsáid sa teideal. Pléigí focail eile ar féidir **oll** a chur rompu agus an dóigh a n-athraíonn sé an focal. m.sh. ollmhór, ollscoil, ollphéist, ollmhargadh. Tugaigí faoi deara chomh maith go mbíonn séimhiú ar an dara cuid den fhocal.

Amharcaígí ar chlár agus ar innéacs an leabhair.

Iarr ar pháistí caibidil a roghnú ón chlár. Mínigh do na páistí nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh. Léigí an leabhar caibidil ar chaibidil go dtí go mbeidh an t-iomlán léite.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí focail ón innéacs a chuardach sa leabhar. Pléigí na focail seo.

Iarr ar pháiste amháin an chuid den leabhar a thaitin leis/léi nó inár fhoghlaim sé/sí rud éigin a léamh amach os ard.

Iarr ar na páistí sliocht eolais a scríobh ar bhambú. Úsáid an t-eolas sa leabhar seo agus foinsí eolais eile.

Iarr ar na páistí sliocht a scríobh ar úsáidí an bhambú.


Taispeáin léarscáil an domhain do na páistí. Aimsígí an Áise agus aimsígí níos mó eolais ar an chuid seo den domhan.

Iarr ar na páistí níos mó eolais a fháil ar chineálacha féir, m.sh. rís.

Iarr ar na páistí póstaer nó leabhar mór a dhéanamh faoi bhambú agus an t-eolas ar fad a léiriú ann.

Iarr ar na páistí níos mó eolais a fháil ar an phanda.

# 18 Cochaillín Dearg




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.
Pléigí drámaí agus an dóigh le dráma a leagan amach. Amharcaigí ar ainmneacha na gcarachtar agus ar na pictiúrléideanna.
Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.
Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.
Iarr ar na páistí straitéisí díchódaithe a úsáid le focail nua a léamh. Pléigí na straitéisí seo le chéile.
Pléigí an phoncaíocht sa dráma agus an dóigh ar chuidigh sí leis an téacs a léamh mar is ceart.
Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.
Pléigí tréithe traidisiúnta an scéil. Úsáidtear Fadó, fadó ag tús an scéil agus bíonn gach duine sona sásta ag deireadh an scéil. Pléigí an nós seo i scéalta traidisiúnta eile. Iarr ar na páistí na scéalta seo a ainmniú.
Faigh cóip den scéal traidisiúnta Cochaillín Dearg agus leigí le chéile é.
Ní hionann an leagan seo de Chochaillín Dearg agus an leagan traidisiúnta. Pléigí an difear idir an scéal seo agus an leagan traidisiúnta. Iarr ar na páistí dhá liosta a dhéanamh den dá scéal, an ceann seo agus an ceann traidisiúnta leis na difríochtaí a léiriú.
Iarr ar na páistí oideas a scríobh do na pancóga. Amharcaigí ar leabhair chócaireachta leis an leagan amach a phlé.
Pléigí scéalta grinn cnag, cnag. An dtig libh smaoineamh ar chinn eile?

cnag, cnag
cé sin?
Conn
Conn cé?
Conas atá tú?

cnag, cnag
cé sin?
Cathair
Cathair cé?
cá huair a ligfidh tú isteach mé?

cnag, cnag
cé sin?
Cinnte
Cinnte cé?
Cén tír inar rugadh thú?

Samaí
'S iomaí duine a chuir ceist orm

Siú
Siún Ní Dhuibhir

cnag, cnag
cé sin?
Niall(Níl)
Niall cé?
Níl duine ar bith istigh!

cnag cnag
cé sin?
Cáit
Cáit cé?
Cá háit a bhfuil tú ag dul?

cnag, cnag
cé sin?
Dia
Dia cé?
D'éirigh mé ar maidin

Síle
Sílim go bhfuil a fhios agat

# 18 Scealta faoi Bhláth




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí an teideal agus cad é a shíleann siad a bheidh i gceist leis an scéal.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí an teideal arís i ndiaidh an leabhar a léamh leis an chiall a shoiléiriú.

Iarr ar na páistí na scéalta atá luaite sa leabhar a phlé nó a scríobh i ngrúpaí. Tabhair scéal amháin do gach grúpa. Iarr ar na grúpaí sin a scéal a léiriú don rang.

Iarr ar na páistí leabhar mór ranga a dhéanamh do na scéalta seo. Iarr orthu na scéalta a scríobh agus a mhaisiú.

D'fhéadfaí na scéalta seo a úsáid le ranganna eile nó le páistí níos óige sa scoil.

Déanaigí liosta de na bláthanna a luaitear sa scéal. Iarr ar na páistí pictiúir agus cur síos gairid a dhéanamh de gach bláth.

Aimsígí bláthanna eile agus cuir leis an liosta atá agaibh ón leabhar seo.

Ag brath ar shéasúr na bliana tabhair na páistí amach le bláthanna a phiocadh. Cuir i leabhair iad mar a rinneadh sa scéal seo agus úsáid iad le pictiúir/cártaí a dhéanamh níos faide ar aghaidh sa bhliain.

Iarr ar na páistí an leabhar seo a úsáid le liosta focal a scríobh ina bhfuil litreacha dúbáilte, m.sh. **Anna, bláthanna, duilleoga**.

Pléigí na briathra sa leabhar. Tugaigí faoi deara gurb é an chéad fhocal é san abairt de ghnáth agus go n-insíonn sé duit cad é atá an duine/carachtar a dhéanamh agus cá huair. Tharla gach rud sa scéal seo tamall ó shin mar sin tá na briathra san **aimsir chaite**.

Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na briathra sa leabhar agus iad a mhíniú. Iarr orthu patrúin a aimsiú agus a mhíniú, m.sh. go mbíonn séimhiú ar bhunús na mbriathra san aimsir chaite; go mbíonn 'd' roimh bhriathra a thosaíonn le guta, srl. Lig do na páistí na patrúin seo a aimsiú iad féin.

# 18 Leathanach Measúnaithe

| **Moltaí (Scéalta Faoi Bhláth)** | **Measúnú** | **Torthaí Foghlama** |
|---|---|---|
| Iarr ar an pháiste an teideal a phlé. Cad é a shíleann sé/sí atá i gceist. Iarr air/uirthi na hainmneacha agus an blurba a léamh. | An dtig leis an pháiste:<br>- an teideal a léamh ____<br>- ainm an údair a léamh? ____<br>- ainm an mhaisitheora a léamh? ____<br>- an blurba a léamh? ____ | |
| Oscail an leabhar ag lgh. 2-3. Abair **“Léigh an lch. go ciúin. Cad é a dúirt Anna le Mamaí? Cad é mar atá a fhios agat go bhfuil sí ag caint? Léigh an rud a dúirt Mamaí le hAnna.** | An dtig leis an pháiste:<br>- an méid a dúirt Anna a rá? ____<br>- comharthaí cainte a léiriú? ____<br>- caint Mhamaí a léamh? ____ | |
| Oscail ag lgh. 4-5. Abair, **“Léifidh mise an lch. seo. Abair thusa na focail a fhágaim ar lár.**” Déan *cloze* ó bhéal, fág ar lár na focail *leabhar, Na Trí Mhuc Bheaga, bláth, siad, bándearg*.<br>Tabhair faoi deara na straitéisí a úsáidtear leis na focail a léamh. | An dtig leis an pháiste na focail a léamh:<br>- *leabhar*? ____<br>- *Na Trí Mhuc Bheaga*? ____<br>- *bláth*? ____<br>- *siad*? ____<br>- *bándearg*? ____ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **“Aimsigh an focal a insíonn dúinn an dóigh ar dhruid siad an leabhar. Cad chuige ar chuir Mamaí an leabhar faoi charnán leabhar eile? Taispeáin dom dhá fhocal eile san fhocal *cúramach***. | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal *cúramach* a léiriú? ____<br>- an fáth a thabhairt? ____<br>- an focal *ach* a aimsiú? ____<br>- an focal *amach* a aimsiú? ____ | |
| Oscail ag lgh.8-9. Abair, **“An geimhreadh a bhí ann agus bhí Anna tinn. Cad é a d'iarr sí ar Mhamaí? Cén leabhar a thóg Mamaí? Cén scéal a roghnaigh sí? Cad chuige a ndúirt sí '*amharc sin*'?** | An dtig leis an pháiste:<br>- an líne *an léifidh tú scéal dom* a léiriú? ____<br>- ainm an leabhair a léamh? ____<br>- ainm an scéil a léamh? ____<br>- *amharc sin* a mhíniú? ____ | |
| Oscail ag lgh.10-11. **Abair, “Cad chuige ar thóg Anna an phis cumhra go cúramach? Cá leis a raibh sé cosúil? Cad é an focal a dúirt Anna? Cá bhfuil an focal *álainn*?** | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal *cúramach* a léiriú? ____<br>- *eiteoga sióg* a léiriú? ____<br>- an focal *álainn* a léiriú? ____ | |
| Oscail ag lgh. 14-15. Abair, **“Inis dom cad é mar a rinne Anna a cárta.”** | An dtig leis an pháiste:<br>- Insint duit mar a rinneadh an cárta. ____ | |
| I ndiaidh an leabhar a léamh abair, **“Cad é mar a choinnigh siad na bláthanna?”** | An dtig leis an pháiste cuimhneamh ar na rudaí a rinneadh sa scéal? ____ | |

## 19 Snáthaid Mhór Shnasta




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Mínigh gur cnuasach atá sa leabhar seo agus nach bhfuil ainmneacha na ndaoine a scríobh nó a mhaisigh an leabhar ar an chlúdach. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Osclaígí ag clár an leabhair. Léigí na teidil uilig agus amharcaigí ar na pictiúrleideanna.

Iarr ar na páistí an dán, Snáthaid Mhór Shnasta, a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 2 - 3 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa dán seo?

Léigí an dán le chéile.

Pléigí foclóir an dáin, m.sh. snáthaid mhór, snasta, drisiúr, ruaig, snagaíocht, tuirseach traochta.

Iarr ar na páistí an dán a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Cuirigí véarsa eile leis an dán nó úsáid patrún an dáin le feithidí eile a phlé, m.sh.

> Tá cuileoga ag eitilt i mo sheomra inniu,
> Éirigh anois agus cuir an ruaig orthu.

Iarr ar na páistí pictiúir a dhéanamh den véarsa/leagan nua seo den dán.

Aimsígí na focail ar fad sa dán a thosaíonn leis an dá fhuaim **s n** , m.sh. **snáthaid mhór, snasta, snámh, snagaíocht**. Aimsígí focail eile a thosaíonn leis an dá fhuaim chéanna.

Pléigí an dóigh a mbogann feithidí. Iarr ar na páistí liosta a dhéanamh de na focail a chuireann síos ar na dóigheanna a mbogann siad.

# 19 Dreolín Teaspaigh ar mo Leaba




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 6 - 7 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí agus léigí an teideal. Mínigh Dreoilín Teaspaigh. Abair go ndeirtear an focal leaba mar leabaí go minic agus go ndéanann sé rím le dreoilín teaspaigh.

Léigí an scéal le chéile. Tugaigí faoi deara go bhfuil rím in úsáid tríd an scéal agus go bhfuil sé scríofa mar dhán.

Pléigí foclóir an dáin. Mínigh focail nó frásaí nach bhfuil ar eolas.

Pléigí an focal **is** atá ina ghiorrúchán do **agus**. Úsáidtear an litriú seo go minic sna dánta nó i gcaint ghasta.

Iarr ar na páistí an scéal a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Aimsígí agus scríobhaigí liosta de na focail sa dán a dhéanann rím, m.sh. **luí/teaspaigh, leaba/cnaptha, rith/scíth', lámha/cnámha, dó/treo, airde/cairde**. Cuirigí leis an liosta.

D'fhéadfaí roinnt línte eile a scríobh ag úsáid na bhfocal seo a dhéanann rím.

Pléigí an phoncaíocht ar lch. 7. Tá ceannlitir ar an fhocal **Ina** cé go bhfuil sé i lár abairte agus go bhfuil camóg ann roimhe. Mínigh go bhfuil an scéal seo scríofa mar dhán agus go mbíonn poncaíocht ar leith sna dánta.

Iarr ar na páistí an dán a athscríobh mar scéal.

D'fhéadfaí níos mó eolais a chuardach ar dhreoilíní teaspaigh.

# 19 An Damhán Uisce



Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 12 - 13 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal. Mínigh go gciallaíonn damhán alla damhán **b**alla cionn is go mbíonn siad ar bhallaí. Baineann an scéal seo le damhán uisce agus bíonn siad san uisce.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí scéalta a insint duit nó scéalta a scríobh faoi am nuair a fuair siad féin damhán alla/uisce.

Amharcaigí ar lch. 16 agus an frása **Nárbh fhearr**…. Iarr ar na páistí an frása seo a úsáid in abairtí eile, m.sh. Nárbh fhearr an leabhar a thógáil, srl.

Amharcaigí ar an phoncaíocht ar lch. 16. Léigí an lch. le chéile ag cur béime ar an phoncaíocht.

Iarr ar na páistí lch. 16 a scríobh mar dhráma.

Amharcaigí ar lch. 22. Iarr ar na páistí níos mó eolais ar dhamháin uisce a chuardach dóibh féin ar an Idirlíon.

Iarr ar na páistí leabhar mór/póstaer/leabhar eolais a chur le chéile i ngrúpaí faoi dhamháin uisce nó na feithidí ar fad atá luaite sa Chéim seo.

# 19 An Rás Mór



Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 24 - 25 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo? An bhfuil a fhios agaibh scéal ar bith eile a bhaineann le hainmhithe ag rásaíocht? Luaigh an rás a rinne an giorria agus an toirtís (scéal eile de chuid Aesóp a pléadh i gCéim 18). Cé a bhain an rás sin? An síleann sibh go mbainfidh Dreoilín Teaspaigh an rás seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Mínigh go gciallaíonn **mórtasach** agus **ag maíomh as féin** an rud céanna.

Mínigh an frása cur le d'fhocal agus chomh gasta le d'fhocal féin ar lch. 33. Ní leor an rud a rá, caithfidh tú cur leis agus an gníomh féin a dhéanamh.

Mínigh go ndeirtear **níos gaiste** (lch. 26) ach go scríobhtar **níos gasta** (sa chaighdeán).

Mínigh an focal té ar lch. 34. Is focal eile é ar duine. (Cé gur ainmhithe atá i gceist).

Pléigí an frása **tásc ná tuairisc**. Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfaca siad an frása seo roimhe sa scéal Plandaí m'Aintín (Céim 18).

Pléigí teanga liteartha sa scéal. Usáidtear frásaí mar **a sháith iontais, tásc ná tuairisc, cúl a choinneáil ar an gháire** le feabhas a chur leis an scéal. Is frásaí iad a dhéanann scríbhneoireacht níos suimiúla.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléitear luas go minic sa scéal seo. Iarr ar na páistí na focail ar fad a bhaineann le luas a scríobh, m.sh. **ar luas na gaoithe, ar luas lasrach, go gasta, níos gasta, is gasta**. Iarr orthu iad a scríobh mar innéacs agus uimhir na leathanach a scríobh leis na focail.

Pléigí an cheist agus an freagra ar lch. 29. **An tú an… Is me!** Iarr ar na páistí roinnt ceisteanna agus freagraí eile a scríobh ag úsáid an phatrúin chéanna.

Pléigí carachtar Dreoilín Teaspaigh sa scéal. Teagascadh ceacht dó sa deireadh. Pléigí daoine a dhéanann mórtas agus a fhaigheann céim in ísle.


Iarr ar na páistí cur síos a scríobh ar Dhreoilín Teaspaigh nó ar Chuiteog. Iarr orthu pictiúr a dhéanamh agus cur síos ar chuma, ar phearsantacht agus ar shaol s'acu.

Pléigí na frásaí atá in úsáid sa scéal lena dhéanamh níos suimiúla -

iontach mórtasach · ag maíomh as féin · ar luas na gaoithe
a sháith gáire · bhí a sháith iontais air
níor cailleadh leath dá ndeachaigh i gcontúirt · ar luas lasrach
ní raibh tásc ná tuairisc air · cúl a choinneáil ar an gháire

Cuidigh leis na páistí frásaí mar seo a úsáid ina gcuid scríbhneoireachta féin.

# 19 Tá Slaghdán ar an Dineasár



Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí teideal an leabhair agus an síleann siad gur scéal fíor atá ann.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí slaghdáin agus an dóigh a spréitear ó dhuine go duine iad.

Pléigí an rím sa leabhar. Déanaigí liosta de na péirí focal a dhéanann rím agus pléigí iad. In amanna ní hionann an litriú agus is ionann an fhuaim, m.sh. **gnó/leo, glanadh/déanamh**. Pléigí focail eile a dhéanann an fhuaim chéanna ach nach scríobhtar mar an gcéanna iad.


Cad é a shíleann sibh atá sa litir ag dineasár. Iarr ar na páistí litir dhineasáir a scríobh. Cé dó/di ar scríobh sé í agus cad é atá le rá aige?

Iarr ar na páistí liosta siopadóireachta dineasáir a scríobh, ná déanaigí dearmad ar an liomóid. Cad é a bheadh de dhíth air san ollmhargadh?

Iarr ar na páistí blurba a scríobh don leabhar seo. Cad iad na rudaí is tábhachtaí ba chóir a lua le daoine a spreagadh leis an leabhar seo a léamh?

# 19

## An Damhán Comhla




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí teideal an leabhair agus an síleann siad gur scéal fíor atá ann.

Pléigí an focal **comhla**. Mínigh go gciallaíonn sé doras. Mínigh go gciallaíonn **damhán alla** damhán a bhíonn ar bhalla. (Cur i gcuimhne dóibh an scéal faoi dhamhán uisce, Céim 19).

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Tugaigí faoi deara gur scéal fíor é agus gur grianghraf atá sa chéad phictiúr.

Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Mínigh go bhfuil ainmhithe agus feithidí sa scéal seo nach bhfuil sa tír seo agus gur seo ceann acu (buíochas mór le Dia). Is ón Nua-Shéalainn na leabhair seo.


Iarr ar na páistí tagairtí do dhá mhéar a chuardach sa leabhar. (Órdóg, lch. 8. Lúidín, lch. 16)

Amharcaigí ar lch. 14. Tá roinnt uimhreacha iolra ann. Iarr ar na páistí iad a aimsiú agus liosta a dhéanamh, m.sh. damháin, poill, doirse. Cuirigí **ainmfhocail** eile san uimhir iolra. Aimsígí rudaí atá sa seomra, m.sh. fuinneoga, táblaí, páistí, pinn, leabhair, srl. Iarr ar na páistí na focail seo a rangú agus patrúin ar bith a fheiceann siad a phlé.

Pléigí an focal **baineann**, lch. 22. B'fhéidir gur chuala siad an focal baininscneach roimhe. Abair leo go bhfuil an focal **fireann** ann fosta.

Iarr ar na páistí níos mó eolais a chuardach faoin damhán comhla.

## 19 An Seangán agus an Dreolín Teaspaigh




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí an dá fheithid atá ainmnithe sa teideal.

Pléigí drámaí agus an dóigh le dráma a leagan amach. Amharcaigí ar ainmneacha na gcarachtar agus ar na pictiúirleideanna. Tugaigí faoi deara gur carachtair iad chomh maith an crann agus an scioból agus go mbeidh siad ag caint sa dráma seo.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Tugaigí faoi deara go bhfuil ceannlitir ag gach ainmhí sa dráma. Mínigh gur ainm charachtair atá ann.

Iarr ar na páistí straitéisí díchódaithe a úsáid le focail nua a léamh. Pléigí na straitéisí seo le chéile. Brisigí síos focail ilsiollacha agus láimhseáil iad siolla ar shiolla. Pléigí na fuaimeanna a thugann deacrachtaí, m.sh. **bhf/bh** a bheith ina ‘v’ nó ina ‘w’.

Iarr ar na páistí an scéal a scríobh/a athinsint ina bhfocail féin. Iarr orthu na carachtair a liostú de réir mar a bhuailtear leo sa dráma agus an rud a bhí de dhíth ar gach ceann acu.

Tugaigí faoi deara go bhfuil gach duine/rud iontach múinte sa dráma. Amharcaigí ar lch. 6 agus pléigí na frásaí a úsáidtear le bheith múinte. Aimsígí samplaí eile sa dráma.

Amharcaigí ar lch. 14. Usáidtear dhá aidiacht le cur síos a dhéanamh ar Luchóg, dalba agus ramhar. Iarr ar na páistí aidiachtaí eile a chuardach sa dráma.


Pléigí an dóigh a labhraíonn na carachtair lena chéile sa dráma, m.sh. **A Sciobóil, A Mhuc, A Luchóg**, srl. Pléigí ainmneacha eile sa rang, m.sh. a mhúinteoir, a Mhamaí, a Sheáin, a Mháire, a Chiaráin, srl.

Iarr ar na paistí na dóigheanna ar fad atá sa dráma le cur síos a dhéanamh ar luas, m.sh. **luas na gaoithe, ar luas lasrach, ghread sé leis, ar luas na gaoithe**.

Pléigí gluaiseachtaí sa dráma, m.sh. **phreab sé, léim sé, d’eitil sé**.

Iarr ar na páistí an dráma a léiriú agus páirt bheith ag gach duine sa ghrúpa.

# 19 Ag Feitheamh ar Fheithidí




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainm an duine a scríobh an leabhar. Léigí an blurba ar chúl an leabhair.

Pléigí teideal an leabhair. Mínigh go gciallaíonn **feitheamh** ag coimheád nó ag fanacht, agus gur roghnaíodh é le go ndéanfadh sé uaim leis an fhocal **feithidí** óir go bhfuil an tús céanna acu.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Pléigí teidil na gcaibidlí. Tá uaim in úsáid i gcuid acu, m.sh. Beacha Bríomhara, Seachain na Seangáin. Mínigh na teidil agus an fáth ar roghnaíodh iad. Mínigh an frása **Sáraigh Sin** agus go gciallaíonn sé nach féidir sin a bhualadh.

Amharcaigí ar innéacs an leabhair. Iarr ar na páistí na focail san innéacs a chuardach sa leabhar agus pléigí sa chomhthéacs iad.

Iarr ar pháistí caibidil a roghnú ón chlár. Mínigh do na páistí nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh. Iarr orthu an chaibidil seo a mhíniú i ndiaidh a léamh.

Léigí an leabhar caibidil ar chaibidil go dtí go mbeidh an t-iomlán léite.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar pháiste amháin an chuid den leabhar a thaitin leis/léi nó inar fhoghlaim sé/sí rud éigin a léamh amach os ard.

Iarr ar na páistí ceann de na feithidí sa leabhar a roghnú. Iarr orthu níos mó eolais a chuardach agus ansin leathanach eolais a dhéanamh uirthi.

Amharcaigí ar shaolré na snáthaide móire ar lch 11. Iarr ar na páistí saolré a dhéanamh ar ainmhí éigin eile ar an dóigh chéanna.

Pléigí focail dheacra sa leabhar agus na straitéisí a úsáideadh lena láimhseáil. Pléigí focail a bhriseadh ina shiollaí. Pléigí na rialacha a bhaineann le **bh/mh/dh/gh** agus iad a bheith ciall nó leathan. **T, d, s**, agus an fhuaim a dhéanann siad a phlé ag bráth ar cé acu atá siad caol nó leathan.

# 19 Leathanach Measúnaithe

| Moltaí (Tá Slaghdán ar an Dineasár) | Measúnú | Torthaí Foghlama |
|---|---|---|
| Oscail an leabhar ag an chéad leathanach. Abair, **"Léigh an teideal. An síleann tú gur scéal fíor é seo? Cad chuige?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- an teideal a léamh? ____<br>- freagra ceart a thabhairt? ____<br>- an freagra a mhíniú? ____ | |
| Oscail ag lgh. 2-3. Léigh na lgh. seo le chéile. Abair, **"An dtugann tú rud ar bith faoi deara sa scéal seo? Taispeáin dom na focail a dhéanann rím."** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá go bhfuil rím sa scéal? ____<br>- na focail *cheann/trom, shrón/bhrón* a léiriú? ____ | |
| Oscail ag lch. 4. Abair, **"Cad é a dúirt dineasár? Cad é mar atá a fhios agat?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- caint dhineasáir a léamh? ____<br>- comharthaí cainte a léiriú? ____ | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **"Léigh na lgh. seo go ciúin. Cad é a bhí ag Rónán Mac Aoidh? Cad é an dath atá ar a eitleog? Mínigh an focal gealbhuí."**. An bhfuil an páiste ag amharc ar an phictiúr nó ag léamh? | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá go bhfuil eitleog aige? ____<br>- a rá go bhfuil an eitleog gealbhuí? ____<br>- a rá go bhfuil sé *geal* agus *buí*? ____ | |
| Oscail ag lgh.8-9. Abair, **"Léigh na lgh. seo go ciúin. Cad é a bhí ag an Uasal Mac Stua? Cá bhfuil sé ag dul? Cad é an rud é tréidlia, do bharúil?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá cad é atá aige? ____<br>- a rá cá bhfuil sé ag dul? ____<br>- an focal tréidlia a mhíniú, nó rud éigin ciallmhar a rá? ____ | |
| Oscail ag lgh. 12-13. Abair, **"Léifidh mise an lch. seo. Abair thusa na focail a fhágaim ar lár."** Déan *cloze* ó bhéal, fág ar lár na focail *siopa, chonaic, leo, rinne, seisean*. | An dtig leis an pháiste na focail seo a léamh:<br>- *siopa*? ____<br>- *chonaic*? ____<br>- *leo*? ____<br>- *rinne*? ____<br>- *seisean*? ____ | |
| Oscail ag lgh. 14-15. Abair, **"Léigh na lgh. seo go ciúin. Cad é a rinne dineasár dó féin? Cad é a bhí le déanamh ag dineasár?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- a rá go ndearna dineasár deoch the dó féin? ____<br>- a rá go raibh ar dhineasár litir a chur? ____ | |
| Oscail ag lch. 16. Abair, **"Léigh an lch. seo go ciúin. Cad é do bharúil a tharla? Cad chuige a bhfuil slaghdán ar gach duine?"** | An dtig leis an pháiste:<br>- a mhíniú gur thug dineasár slaghdán do gach duine? ____ | |

# 20 Cait




Amharcaigí ar chlúdach tosaigh agus ar chlúdach cúil an leabhair. Mínigh gur cnuasach atá sa leabhar seo agus nach bhfuil ainmneacha na ndaoine a scríobh nó a mhaisigh an leabhar ar an chlúdach. Léigí an blurba le chéile. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa leabhar seo?

Osclaígí ag clár an leabhair. Léigí na teidil uilig agus amharcaigí ar na pictiúrleideanna.

Iarr ar na páistí an dán, Cait, a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 2 - 3 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa dán seo?

Léigí an dán le chéile.

Pléigí foclóir an dáin.

Iarr ar na páistí an dán a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Pléigí an phoncaíocht sa dán. Mínigh gur abairt mhór amháin atá ann agus í briste suas le camóga. Mínigh poncaíocht dánta agus go mbíonn ceannlitir ag tús gach líne cé nach abairt nua atá ann.

Tugaigí an t-éan i ngach pictiúr faoi deara. Tá sé ag iarraidh an cat a mhúscailt.

Pléigí an t-eolas atá agaibh ar chait. Déanaigí liosta ar lch. mór de nósanna chait.

Pléigí áiteanna eile a gcodlaíonn cait, m.sh. ar dhíon an tí, áit ar bith,
ar an tolg, ina luí ar a bholg,
thuas i gcrann, mo chat beag bán.

# 20 An Cat sa Leabharlann




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 6 - 7 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal. Mínigh gur áit í leabharlann ina mbíonn leabhair. Pléigí focail eile a bhfuil **lann** ag a ndeireadh, m.sh. **pictiúrlann, amharclann, otharlann, iarsmalann**.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí na focail a dhéanann rím a liostú.

Iarr ar na páistí an dán a scríobh mar scéal nó mar chartún.

Pléigí an smaoineamh **Dá dtiocfadh leis an chat seo léamh**…Iarr ar na páistí scéal gairid nó alt a scríobh faoin chat agus a chuid léitheoireachta. Cén sórt leabhar is fearr leis? Cá háit a léann sé iad? Cén sórt rud a fhoghlaimíonn sé ó na leabhair seo?

Mínigh do na páistí gur fhoghlaim an cat seo an scríbhneoireacht ó bheith ag léamh na leabhar seo. Iarr orthu litir a scríobh ó Alsa go Róisín ag míniú cad é a tharla agus ag gabháil a leithscéil.

Bhí páistí na leabharlainne iontach meallta gur imigh Alsa. Iarr ar na páistí póstaer a dhéanamh nó fógra don pháipéar nuachta ag iarraidh eolais ar Alsa.

# 20 An Caitín




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 24 - 25 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal. Mínigh go gciallaíonn **ín** go bhfuil an rud beag.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Déanaigí liosta d'fhocail eile le **ín** ag a ndeireadh, m.sh. **Seáinín, leabhairín, capaillín, teaichín**.

Pléigí ainmhithe agus a n-óga. Déanaigí liosta d'ainmhithe agus aimsígí ainmneacha a n-óg.

Pléigí na fuaimeanna a dhéanann ainmhithe. Cuirigí leis an liosta d'ainmhithe agus na fuaimeanna a aimsiú chomh maith.

Pléigí ainmneacha na gcat sa scéal seo. An síleann sibh go bhfóireann na hainmneacha dóibh. Pléigí ainmneacha eile ar chait.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de chat, ainm a chumadh dó agus cur síos a dhéanamh ar a chuma agus ar a phearsantacht.

Amharcaigí ar lch. 27. Tá trí dhóigh ann leis an fhuaim **ú** a scríobh. Iarr ar na páistí na focail sin a aimsiú. **Tú, talamh, dreapadh**. Iarr ar na páistí samplaí eile den fhuaim seo a chuardach sa leabhar. An bhfeiceann siad patrún ar bith?

Amharcaigí ar lch. 28. Iarr ar na páistí an fhuaim í a aimsiú ar an lch. seo. Iarr orthu liosta a dhéanamh de na focail ar fad ina bhfuil an fhuaim í. **Tríona, Ní, Ispín, bhí, puisín, caitín, iontach, gairdín**.

Amharcaigí ar lgh. 30 - 31. Iarr ar na páistí na briathra a aimsiú agus a liostú. Mínigh go bhfuil na briathra ar fad san aimsir chaite nó gur tharla na himeachtaí seo tamall ó shin.

Amharcaigí go háirithe ar na briathra d'amharc agus d'ól. Mínigh go mbíonn an **d'** ann roimh ghutaí. Iarr ar na páistí briathra eile mar seo a aimsiú san aimsir chaite sa leabhar seo agus i leabhair eile.

# 20 Fionn agus an Tuar Ceatha




Iarr ar na páistí an scéal a aimsiú trí úsáid a bhaint as an chlár.

Osclaígí an leabhar ar lgh. 34 - 35 agus pléigí an pictiúr agus an teideal. Cad é a shíleann sibh a bheidh sa scéal seo?

Amharcaigí ar an scéal agus mínigh foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Pléigí an teideal. Mínigh an focal **fionn** agus go dtugann daoine ainmneacha ar ainmhithe mar gheall ar a ndath. Tá dath fionn ar an chat seo ach luaigh fosta Fionn Mac Cumhaill agus go mb'fhéidir go bhfuil pearsantacht ag an chat seo cosúil leis.

Pléigí tuartha ceatha agus na dathanna. Cuir an dán a rinne siad i gCéim 12 i gcuimhne do na páistí.

Léigí an scéal le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh go neamhspleách nó i mbeirteanna.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Iarr ar na páistí líne dheireanach an scéil a mhíniú.

An scéal fíor é seo? Cad chuige?

Pléigí na hainmneacha sa scéal Bean Uí Leanaí agus Fionn. Cad chuige ar úsáideadh na hainmneacha seo, bhur mbarúil?

Iarr ar na páistí smaoineamh ar ainmneacha eile a dhéanann cur síos ar phearsantacht daoine nó ainmhithe.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoi rud eile ar dhreap Fionn air agus cad é a tharla dó?

Tugann Bean Uí Leanaí orduithe d'Fhionn sa scéal seo. Pléigí orduithe agus iarr ar na páistí samplaí a thabhairt. Iarr ar na páistí na horduithe sa leabhar a scríobh agus ansin cur leis an liosta lena gcuid orduithe féin.

Amharcaigí ar lch. 43. Is tuairisceoirí nuachta iad na daoine atá san eitleán. Iarr ar na páistí an t-alt a scríobh a scríobh siad don pháipéir nuachta an lá dar gcionn.

# 20 Bean na nÉan



Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainm an duine a scríobh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Amharcaigí ar chlár agus ar innéacs an leabhair.

Pléigí teidil na gcaibidlí agus an fáth ar roghnaíodh iad.

Iarr ar pháistí caibidil a roghnú ón chlár. Mínigh do na páistí nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh. Iarr orthu an chaibidil seo a mhíniú i ndiaidh í a léamh.

Léigí an leabhar caibidil ar chaibidil go dtí go mbeidh an t-iomlán léite.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí focail ón ghluais agus ón innéacs a chuardach sa leabhar. Pléigí na focail seo.

Iarr ar pháiste amháin an chuid den leabhar a thaitin leis/léi nó inar fhoghlaim sé/sí rud éigin a léamh amach os ard.

D’fhéadfaí a leitheid d’áit a chuardach i do cheantar féin agus ligean do na paistí litir a scríobh le tuilleadh eolais a fháil.

Déanaigí liosta de na hainmhithe eile atá luaite sa leabhar.

Pléigí na **briathra** sa leabhar. Déanaigí liosta de na briathra. Léiríonn na briathra sa leabhar seo go bhfuil na rudaí seo ag tarlú go rialta. Tá na briathra san **aimsir láithreach**, rud a chiallaíonn go bhfuil na gníomhaíochtaí seo ag tarlú faoi láthair. Pléigí tréithe na mbriathra seo. Tugaigí faoi deara go gcríochnaíonn cuid mhór acu ar **nn**.

Amharcaigí ar lgh. 4 - 5. Scríobh foirm **chlárú** do roinnt ainmhithe eile.

Amharcaigí ar lgh. 8 - 9. Cuir i gcás gur ainmhí eile atá faoi bhur gcúram, madadh, cat, bó, srl. Iarr ar na páistí liosta siopadóireachta a scríobh don ainmhí eile seo.

Iarr ar na páistí sliocht a scríobh agus pictiúr a dhéanamh ag léiriú eolas nua a d’fhoghlaim siad sa leabhar seo.

# 20 Léigh leat faoin Mhíorchat




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainm an duine a scríobh an leabhar. Léigí caint na míorchat ar chúl an leabhair.

Pléigí míorchait. Déanaigí liosta d'eolas ar bith atá agaibh ar mhíorchait roimh thosú ar an leabhar.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Mínigh gur leabhar neamhfhicsin atá sa leabhar seo. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Amharcaigí ar chlár an leabhair. Pléigí teidil na gcaibidlí. Tá cuid acu a bhfuil dhá chiall leo, m.sh. Uisce Faoi Thalamh, a chiallaíonn go bhfuil rud éigin aisteach ar siúl. Súil in airde, a chiallaíonn go bhfuil duine ag dúil le níos fearr. Mamaithe na Míorchat, a chiallaíonn gur máithreacha iad agus gur mamaigh iad chomh maith.
Tá cuid acu bunaithe ar sheanfhocail, m.sh. Mol an Óige, ón seanfhocal Mol an óige agus tiocfaidh sí. Ar Scáth a chéile a Mhaireann na Míorchait!, ón seanfhocal Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Amharcaigí ar innéacs an leabhair. Iarr ar na páistí na focail san innéacs a chuardach sa leabhar agus pléigí iad sa chomhthéacs.

Iarr ar pháistí caibidil a roghnú ón chlár. Mínigh do na páistí nach gá an leabhar seo a léamh ó thús deireadh. Iarr orthu an chaibidil seo a mhíniú i ndiaidh í a léamh.

Léigí an leabhar caibidil ar chaibidil go dtí go mbeidh an t-iomlán léite.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar pháiste amháin an chuid den leabhar a thaitin leis/léi nó inar fhoghlaim sé/sí rud éigin a léamh amach os ard.

Pléigí na habairtí seo -

| | |
|---|---|
| ag déanamh bolg le grian. | na cosa nite |
| Uisce Faoi Thalamh | lig dom mo chnámha a shíneadh |
| Coinnigh súil amach | Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine |

Pléigí focail dheacra sa leabhar agus na straitéisí a úsáideadh lena láimhseáil. Pléigí focail a bhriseadh ina shiollaí. Pléigí na rialacha a bhaineann le **bh/mh/dh/gh** agus iad ciall nó leathan. **T, d, s**, agus an fhuaim a dhéanann siad a phlé ag bráth ar cé acu atá siad caol nó leathan.


Iarr ar na páistí póstaer nó leabhar mór eolais a dhéanamh ar na míorchait. Iarr orthu níos mó eolais a fháil i gciclipéid nó ar líne.

Iarr ar na páistí eolas a fháil ar ainmhithe eile a mhaireann i ndeisceart na hAfraice.

Iarr ar na páistí pictiúir d'ainmhithe a ghearradh ó irisleabhair lena ngreamú ina leabhair agus bolgáin chainte a scríobh dóibh.

20

# An Cat is Fearr




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí ainmneacha na gcat sa bhlurba. Cad chuige ar roghnaíodh na hainmhneacha sin, bhur mbarúil? Clúmhóg (ciallaíonn clúmhach deas bog). Cleitire (b'fhéidir go bhfuil a fhionnadh cosúil le cleití) agus Tíogar (b'fhéidir go bhfuil patrún tíogair ar a fhionnadh). Pléigí ainmneacha eile a thugtar ar chait.

Pléigí drámaí agus an dóigh le dráma a leagan amach. Amharcaigí ar ainmneacha na gcarachtar agus ar na pictiúirleideanna.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir ar an chéad leathanach.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí straitéisí dhíchódaithe a úsáid le focail nua a léamh. Pléigí na straitéisí seo le chéile. Brisigí síos focail ilsiollacha agus láimhseáil iad siolla ar shiolla. Pléigí na fuaimeanna a thugann deacrachtaí, m.sh. bhf/bh a bheith ina 'v' nó ina 'w'.

Pléigí an phoncaíocht sa dráma agus an dóigh ar chuidigh sí leis an téacs a léamh mar is ceart. Léigí lch. 12 le chéile ag cur béime ar an phoncaíocht.

Iarr ar na páistí an scéal a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí ainmneacha na ndaoine sa dráma chomh maith le hainmneacha na gcat.

Pléigí na fuaimeanna a dhéanann na cait agus an luchóg, m.sh. **preabaidí-preab, iú hú**, srl. Cad chuige ar roghnaíodh na fuaimeanna seo, bhur mbarúil? An dtig libh smaoineamh ar fhuaimeanna eile a bheadh maith?


Pléigí caint na luchóige ar lch. 2. Ní chluineann na carachtair eile í. Mínigh do na páistí gur féidir a leithéid a dhéanamh i ndráma. (Úsáidtear an téarma ar leataobh leis seo a léiriú sna drámaí).

Tabhair páirteanna do na páistí agus iarr orthu an dráma a dhéanamh nó a léamh os ard le páirteanna.

Iarr ar na páistí pictiúr a dhéanamh de gach cat agus sliocht a scríobh fúthu lena gcur sa pháipéar nuachta áitiúil.

Iarr ar na páistí comhrá idir na cait agus na daoine ar leo iad a scríobh (i leagan dráma) agus iad ar a mbealach abhaile.

# 20 Eilifint sa Teach




Tabhair cóip den leabhar do gach páiste sa ghrúpa. Pléigí clúdach an leabhair agus pléigí ainmneacha na ndaoine a scríobh agus a mhaisigh an leabhar. Léigí an blurba le chéile.

Pléigí teideal an leabhair agus an síleann siad gur scéal fíor atá ann.

Iarr ar na páistí an leabhar a oscailt agus amharc ar na pictiúir sa leabhar. Pléigí foclóir úr ar bith trí amharc ar na pictiúir.

Léigí an leabhar le chéile agus ansin iarr ar na páistí é a léamh i mbeirteanna nó go neamhspleách.

Iarr ar na páistí an scéal a scríobh/a athinsint ina bhfocail féin.

Pléigí deireadh an scéil.

Pléigí carachtar Dhaideo agus carachtar Dháire. Iarr ar na páistí cur síos gairid a dhéanamh orthu.

Pléigí na habairtí seo -

| | |
|---|---|
| a oiread is orlach | (lch. 5) Níor bhog sí ar chor ar bith. |
| in áit na mbonn | (lch. 7) An áit a raibh sí ag an tús. |
| as a stuaim féin | (lch. 6) Rinne sé féin é gan chuidiú. |
| ag tónacán | (lch. 12) Ag bogadh anonn is anall ar a tóin. |
| a seacht ndícheall | (lch. 4) Rinne siad a ndícheall, cuireann 'seacht' béim air. |
| níl neart air | (lch.10) Ní féidir a dhath a dhéanamh faoi. |
| bhí a sáith ag an eilifint | (lch.14) Níor mhaith léi a thuilleadh. |

Amharcaigí ar lgh. 6/8. Pléigí an phoncaíocht agus an dóigh lena léamh. Iarr ar na páistí leathanach acu seo a scríobh mar dhráma.

Amharcaigí ar lch. 4. Pléigí an focal **cuidígí**. Mínigh gur ag caint le níos mó ná duine amháin atá i gceist. Pléigí samplaí eile d'orduithe atá dírithe ar níos mó ná duine amháin, m.sh. suígí, rithigí, tógaigí, srl.

Pléigí an focal a **d'fhiafraigh** ar lch. 6. Mínigh do na paistí gur bealach é lena léiriú gur ceist atá ann. Pléigí dóigheanna eile le caint a chur in iúl, m.sh. arsa Mamaí, a dúirt sé, a d'fhreagair sí, ar seisean, a d'iarr sí. Déanaigí liosta ar lch. mór agus iarr ar na páistí gach ceann acu a úsáid in abairt lena mhíniú.

Amharcaigí ar lgh. 12 - 14. Pléigí na focail **chéad, dara, tríú, ceathrú**. Iarr ar na páistí cuntas a dhéanamh ar an dóigh chéanna go fiche. Ná déanaigí dearmad go ndeir tú, an t-aonú cos déag, an dara cos déag....fichiú cos.

Iarr ar na páistí scéal a scríobh faoin chéad eachtra eile a bhí ag an eilifint.

# 20 Leathanach Measúnaithe

| **Moltaí**<br>**(Eilifint sa Teach)** | **Measúnú** | **Torthaí Foghlama** |
|---|---|---|
| Iarr ar an pháiste teideal an leabhair a léamh agus na hainmneacha a léamh. An cuimhin leis/léi scéal ar bith eile a scríobh an t-údar céanna? Cad é a shíleann sé/sí a bheidh sa leabhar seo? | An dtig leis an pháiste:<br>- an teideal a léamh<br>- ainm an údair a léamh?<br>- leabhair eile a lua?<br>- réamhaithris a dhéanamh? | |
| Oscail an leabhair ag lgh. 2-3. Abair **“Léigh na lgh. seo go ciúin. Cé a tháinig isteach le hamharc ar an teilifís? Cad é a dúirt Daidí? Cad é a dúirt Mamaí?”** | An dtig leis an pháiste a rá:<br>- cé a tháinig isteach?<br>- cad é a dúirt Daidí?<br>- cad é a dúirt Mamaí? | |
| Oscail ag lgh. 4-5. Abair, **“Léigh agus cuardaigh an focal *iarracht*. Cén abairt a insíonn dúinn cad é a rinne Mamaí agus Daidí? Ar chuir siad isteach ar an eilifint? Cad é mar atá a fhios agat?”** | An dtig leis an pháiste:<br>- an focal *iarracht* a aimsiú?<br>- caint Mhamaí agus Dhaidí a aimsiú?<br>- an cheist a fhreagairt?<br>- an freagra a mhíniú? | |
| Oscail ag lgh. 6-7. Abair, **“Léifidh mise an lch. seo. Abair thusa na focail a fhágaim ar lár.”** Déan *cloze* ó bhéal, fág amach na focail *tháinig, leatsa, imigh, d'fhiafraigh, d'fhan*.<br>Cad chuige a bhfuil an **d'** roimh na focail seo? | An dtig leis an pháiste na focail a léamh:<br>- *tháinig*?<br>- *leatsa*?<br>- *imigh*?<br>- *d'fhiafraigh*?<br>- *d'fhan*?<br>- a mhíniú go gcuirtear **d'** roimh bhriathra a thosaíonn le guta nó le ‘f’ san aimsir chaite? | |
| Léigh lgh.10-11. Abair, **“Cad é a dhéanfaidh Dáire leis an eilifint a ruaigeadh?”** | An dtig leis an pháiste a rá cén réiteach a bheidh ag Dáire? | |
| Oscail ag lch. 12. Abair, **“Léigh an lch. seo go ciúin. Taispeáin dom na focail a insíonn dúinn cad é a tharla nuair a chuir Dáire cigilt i gcos na heilifinte. Cad é a rinne an eilifint?** | An dtig leis an pháiste:<br>- na focail *gnúsachtach*, *tónacán*, *bhog sí a heireaball* a rá?<br>- a rá gur lig sí uirthi go raibh sí ag coimhéad ar an teilifís? | |
| Léigh lch. 13 don pháiste. Abair, **“Cad é a tharlóidh anois?”** | An dtig leis an pháiste réamhaithris a dhéanamh? | |